ESLC

# Treoirlínte do Dhaltaí maidir le hUirlis Tástála ESLC (IE)

SurveyLang

# Clár na nÁbhar

**1 RÉAMHRÁ** **3**

**2 NA dTRIALACHA A DHÉANAMH** **3**

*2.1 Logáil isteach* *3*

*2.2 An clostrealamh don Triail Éisteachta a sheiceáil* *5*

*2.3 Ag déanamh trialach* *5*

**3 Eolas faoi thascanna na dtrialacha** **7**

*3.1 Tascanna Éisteachta* *7*

*3.2 Tascanna Léitheoireachta* *12*

# 1 RÉAMHRÁ

1. Scríobhadh na Treoirlínte seo le heolas a chur ar fáil faoin dóigh ar cheart tabhairt faoi thascanna teanga an tSuirbhé Eorpaigh maidir le hInniúlachtaí Teanga (ESLC) agus tú ag baint úsáide as an ríomhuirlis tástála a ceapadh go speisialta don suirbhé sin. Ní mar ábhar cleachtaidh, ná mar threoir ar leibhéal an ábhair a bheidh sa suirbhé, a ceapadh na treoirlínte seo.

2. Ba cheart na Treoirlínte seo a úsáid in éineacht leis an uirlis taispeána do dhaltaí. Is féidir an uirlis sin a íoslódáil ó láithreán gréasáin SurveyLang ag http://www.surveylang.org.


3. Bainfear úsáid as an ríomhuirlis tástála i gcomhair Trialacha Léitheoireachta agus Éisteachta agus le haghaidh an Cheistneora do Dhaltaí. Déanfar an Triail Scríofa ar pháipéar seachas ar an ríomhuirlis tástála. Tá sé chineál ar leith taisc sa Triail Léitheoireachta agus cúig cinn sa Triail Éisteachta. Is féidir teacht ar shamplaí de na cineálacha sin ar fad san uirlis taispeána do dhaltaí ar láithreán gréasáin SurveyLang. Leagtar amach treoracha sna Treoirlínte seo maidir le conas na tascanna a dhéanamh.

# 2 NA dTRIALACHA A DHÉANAMH

## 2.1 Logáil isteach

4. Le tús a chur leis an triail ní mór duit an pasfhocal a chur isteach. Tabharfaidh riarthóir na trialach an pasfhocal duit. Agus an pasfhocal curtha isteach agat, cliceáil ar 'SEOL'.

**Figiúr 1. An scáileán 'Logáil isteach'**




5. Chun tús a chur leis an uirlis taispeána ar an láithreán gréasáin, bain úsáid as an bpasfhocal seo a leanas agus cliceáil ar 'CUIR FAOI BHRÁID': 9999

6. Nuair a éiríonn leat logáil isteach, feicfidh tú scáileán ar a mbeidh d'ainm (nó ID), ainm do scoile agus ainm do thíre luaite ar barr. Seiceáil go bhfuil na sonraí ar an scáileán sin ceart. Mura bhfuil, ní mór é sin a chur in iúl do riarthóir na trialach gan mhoill.

7. Thíos faoi na sonraí sin, beidh cnaipí don triail nó do na trialacha a bheidh le déanamh agat ar an ríomhuirlis tástála. Toisc nach gcuirfidh triail ar dhaltaí ach in dhá cheann de na trí scil (Léitheoireacht, Éisteacht agus Scríbhneoireacht), ní bheidh an líon céanna cnaipí ag gach dalta. Braitheann líon na gcnaipí ar na trialacha atá le déanamh agat.

8. Maidir le dalta a dhéanfaidh na Trialacha Éisteachta agus Léitheoireachta, is mar seo a leanas a bheidh an scáileán:

**Figiúr 1. An scáileán a fheicfear nuair a logáiltear isteach**




9. Tabhair faoi deara go leagtar na cnaipí amach ó chlé go deas san ord a mbainfear úsáid astu. Sa sampla sin thuas, déanfar an Triail Éisteachta ar dtús, an Triail Léitheoireachta ina dhiaidh sin agus an Ceistneoir do Dhaltaí ina dhiaidh sin. Má tá dath liath ar chnaipe, ní féidir é a oscailt go fóill. Má tá dath glas ar chnaipe, tá an cnaipe sin gníomhach. Sa sampla sin thuas, tá an cnaipe 'Seiceáil Clostrealaimh' gníomhach.

10. Baintear úsáid as an gcnaipe ‘Seiceáil Clostrealaimh’ chun airde na fuaime a thástáil agus a athrú. Ní mór é seo a dhéanamh sula gcuirtear tús leis an Triail Éisteachta.


11. Cliceáil ar na cnaipí ‘Triail Éisteachta’, ‘Triail Léitheoireachta’ agus ‘Ceistneoir’ le tús a chur leis na codanna éagsúla sin. **Tabhair faoi deara: Ná cliceáil ar na cnaipí don Triail Éisteachta ná don Triail Léitheoireachta sula n-iarrann riarthóir na trialach ort é sin a dhéanamh. Má chliceáiltear ar na cnaipí sin cuirfear tús leis an triail agus tosóidh an t-am don triail ag dul thart.**

12. Agus gach triail ar leith críochnaithe, filltear ar an scáileán thuas i bhFigiúr 2. Beidh dath glas ar chnaipe na chéad trialach eile sa tsraith ag an bpointe sin, rud a chiallaíonn gur féidir dul ar aghaidh chuig an gcéad triail eile.

## 2.2 An clostrealamh don Triail Éisteachta a sheiceáil

13. Cuir ort do chluasáin. Ansin, cliceáil ar an gcnaipe 'Seiceáil clostrealaimh' agus osclófar scáileán ar ar féidir seiceáil go bhfuil clostrealamh do ríomhaire ag obair agus nach bhfuil airde na fuaime ró-ard ná ró-íseal. Cliceáil ar 'SEINN' le píosa fuaime samplach a sheinm. Éist leis agus bain úsáid as an mbarra sleamhnáin a rialaíonn airde na fuaime chun an airde a athrú. Nuair is féidir leat an píosa fuaime samplach a chloisteáil go soiléir, cliceáil ar 'TÉIGH AR AGHAIDH'. Mura bhféidir leat aon rud a chloisteáil, cuir riarthóir na trialach ar an eolas.

**Figiúr 2. Seiceáil clostrealaimh**





14. Tabhair faoi deara gur féidir airde na fuaime a athrú le linn na Trialach Éisteachta chomh maith.

## 2.3 Ag déanamh trialach

15. Nuair a chuirtear tús le Trial Éisteachta nó Léitheoireachta nó le Ceistneoir, beidh scáileán cosúil leis an gceann seo thíos le feiceáil.

**Figiúr 3. Scáileán na Trialach**



16. Léirítear sa bharra ag bun an scáileáin líon na dtascanna atá sa triail atá idir láimhe agat ag an am sin. Léirítear na tascanna i ‘Fearann taispeána na dtascanna’ ceann i ndiaidh a chéile. Tabhair faoi deara: Cuirfear síos ar na cineálacha taisc ar ball sa Treoir seo. Is ag díriú ar ghnéithe scáileán na trialach atáthar sa chuid seo den Treoir.

17. Tá treoracha maidir le conas tasc a dhéanamh ar fáil sa bhosca ar a dtugtar ‘Rúibric’ atá sa choirnéal clé ag barr an scáileáin. Ní mór na treoracha sin a léamh roimh dul ar aghaidh.

18. Léirítear leis an gcnaipe 'Am fágtha', a bhíonn le feiceáil sa choirnéal clé ar bharr an scáileáin, cá mhéad am atá fágtha sa triail reatha. Tugtar le fios cá mhéad nóiméad atá fágtha agus nuair atá níos lú ná nóiméad amháin fágtha agat tugtar le fios cá mhéad soicind atá fágtha. Cuirfidh an clog in iúil duit nuair atá 10 nóiméad fágtha agat agus arís nuair atá 5 nóiméad fágtha agat. Tabhair faoi deara go gceadaítear 30 nóiméad go cruinn don Triail Léitheoireachta agus 30 nóiméad a bheag nó a mhór don Triail Éisteachta ag brath ar fhad an taifeadta. Nuair a stopann an t-amadóir ag 0 soicind, tugtar 30 soicind sa bhreis duit chun an triail a chur i gcrích sula ndruidtear an scáileán na trialach go huathoibríoch.

19. Léirítear sa bharra nascleanúna ag bun an scáileáin an áit a bhfuil tú sa triail chomh maith leis na tascanna agus na ceisteanna atá críochnaithe agat cheana. Tá cearnóga uimhrithe ann a chomhfhreagraíonn do cheisteanna na trialach atá idir láimhe ag an bpointe sin. Bíonn bosca dearg thart ar uimhir na ceiste reatha, mar shampla uimhir 7 i bhFigiúr 4. Cuirtear in iúl leis an dath gorm go bhfuil an cheist sin déanta cheana agus cuirtear in iúl leis an dath liath go bhfuil an cheist sin le freagairt go fóill.

20. Is féidir an barra nascleanúna a úsáid le dul ar ais agus le dul ar aghaidh sa triail. Má chliceáiltear ar chearnóg uimhrithe, taispeánfar an cheist a bhaineann leis an uimhir sin. Agus sin déanta, is féidir an cheist sin a fhreagairt. Más mian leat, is féidir freagra aon cheiste atá déanta agat cheana a athrú fosta. Is féidir do fhreagraí a athrú ag aon phointe le linn na trialach go dtí go bhfuil an t-am istigh agus go ndruidtear an triail.

21. Nuair a chuirtear tús le triail, bíonn na cearnóga uile liath agus osclaítear an chéad cheist de chuid an chéad taisc. Moltar duit dul tríd an triail ceist i ndiaidh ceiste ó chlé go deas ar an mbarra nascleanúna. Is féidir sin a dhéanamh trí chliceáil ar an gcnaipe ‘Céad cheist eile’  ag bun an scáileáin ar dheis nó trí chliceáil ar na cearnóga uimhrithe ag bun an scáileáin.

22. Tá sé fíorthábhachtach go leantar ord na trialach i gcás na Trialach Éisteachta go háirithe toisc go gcuirtear na ceisteanna i láthair sa rian fuaime in ord uimhreach.

23. Seinntear gach Triail Éisteachta faoi dhó. Tabharfar am duit na ceisteanna a léamh agus beidh an t-am agat do fhreagraí a sheiceáil i ndiaidh gach taisc chomh maith.


# 3 Eolas faoi thascanna na dtrialacha

## 3.1 Tascanna Éisteachta

24. Sa chuid seo den Treoir, tá eolas ar chonas tabhairt faoi na cineálacha taisc a d'fhéadfaí a fháil mar chuid den Triail Éisteachta sa ríomhuirlis taispeána do dhaltaí.


**Tasc Éisteachta 1**

Sa tasc seo, cloisfidh tú daoine ag caint i gcúig phíosa fuaime ar leith. Seinnfear gach píosa arís sula rachfar ar aghaidh chuig an gcéad cheann eile. I ngach cás, beidh ceist agus sraith pictiúr ar an scáileán. Cloisfidh tú an cheist chomh maith agus beidh an t-am agat amharc ar na pictiúir. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bhfreagra.Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe 'Céad cheist eile' nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna.




**Tasc Éisteachta 2**

Sa tasc seo, cloisfidh tú daoine ag caint i gcúig phíosa fuaime ar leith. Seinnfear gach píosa arís sula rachfar ar aghaidh chuig an gcéad cheann eile. I ngach cás, beidh abairt ar an scáileán ina míneofar cad é atá i gceist sa phíosa sin, chomh maith le ceist agus sraith roghanna scríofa. Cloisfidh tú an píosa agus an cheist chomh maith agus beidh an t-am agat na roghanna a léamh. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bhfreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe ‘Céad cheist eile’ nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna.




**Tasc Éisteachta 3**

Sa tasc seo, cloisfidh tú duine amháin nó breis agus duine amháin ag caint. Seinnfear an sliocht éisteachta faoi dhó. Cuirfear roinnt ceisteanna faoin sliocht. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bhfreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Beidh na ceisteanna uile ar aon scáileán amháin ach tabhair faoi deara go mbeidh ort an scrollbharra a úsáid chun na ceisteanna uile a fheiceáil. Do gach ceist, roghnaítear an freagra ceart (A, B nó C) agus nuair a bheidh sin déanta agat téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile.




**Tasc Éisteachta 4**

Sa tasc seo, cloisfidh tú beirt daoine ag caint. Seinnfear an sliocht éisteachta faoi dhó. Déarfar roinnt rudaí faoina mbeidh sa sliocht. Do gach ceist, déan cinneadh an bhfuil an ráiteas Fíor nó Bréagach. Mar shampla, más é do bharúil é gurb é 'Bréagach' freagra cheist 9, cliceáil ar an gcnaipe in aice le 'Níl'. Más doigh leat, áfach, gurb é 'Fíor' freagra na ceiste, cliceáil ar an gcnaipe in aice le 'Tá'. Nuair a bheidh sin déanta agat téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile. Beidh na ceisteanna uile ar aon scáileán amháin.



**Tasc Éisteachta 5**


Sa tasc seo, cloisfidh tú beirt daoine ag caint. Labhróidh siad faoi chúigear daoine eile. Seinnfear an sliocht éisteachta faoi dhó. Do gach ceist, meaitseáil na daoine leis an bpictiúr cuí (A-G). Beidh dhá phictiúr breise ann nach n-oireann d'aon duine de na daoine ann. Na húsáid aon litir níos mó ná uair amháin. Chun na daoine a mheaitseáil leis an bpictiúr cuí (A-G) tarraing an pictiúr ón bhfráma agus scaoil é ar an gcearnóg in aice le hainm an duine is mian leat a mheaitseáil leis an bpictiúr. Cliceáil ar an bpictiúr agus coinnigh brú ar chnaipe na luchóige go dtarraingeoidh tú an pictiúr chuig a shuíomh nua. Scaoil cnaipe na luchóige agus an pictiúr os cionn na cearnóige. Más mian leat freagra a athrú is féidir pictiúr a tharraingt óna chearnóg ar chlé ar ais chuig an bhfráma ar dheis. Is féidir pictiúr a tharraingt ó chearnóg amháin go cearnóg eile chomh maith. Bí cinnte go bhfuil pictiúr i ngach cearnóg sula dtéann tú ar aghaidh chuig an gcéad tasc eile.



## 3.2 Tascanna Léitheoireachta


**Tasc Léitheoireachta 1**

Don tasc seo, ní mór duit téacs a léamh agus roinnt ceisteanna faoin téacs sin a fhreagairt. Roghnaítear an freagra ceart do gach ceist ó shraith pictiúr. Bíonn roghanna éagsúla ann do gach ceist. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bpictiúr. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe 'Céad cheist eile' nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna.




**Tasc Léitheoireachta 2**

Don tasc seo, ní mór duit téacs a léamh agus roinnt ceisteanna faoin téacs sin a fhreagairt. Roghnaítear an freagra ceart do gach ceist ó shraith roghanna scríofa. Bíonn roghanna éagsúla ann do gach ceist. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bhfreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe 'Céad cheist eile' nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna.




**Tasc Léitheoireachta 3**

Don tasc seo, ní mór duit téacs a léamh agus roinnt ceisteanna faoin téacs sin a fhreagairt. Roghnaítear an freagra ceart do gach ceist ó shraith roghanna scríofa. Is ionann na roghanna do gach ceist. Roghnaigh an freagra ceart (A, B nó C) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe in aice leis an bhfreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe 'Céad cheist eile' nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna. Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh ort an scrollbharra a úsáid chun an téacs ar fad a fheiceáil.




**Tasc Léitheoireachta 4**

Do gach ceist sa tasc seo ní mór fógra nó lipéad (beidh seacht gcinn ann) a mheaitseáil le pictiúr a léiríonn a bhfuil i gceist san fhográ/sa lipéad sin. Uimhrítear na pictiúir ó 15 go 19. Marcáiltear na fógraí leis na litreacha A-G. Tá dhá fhógra sa bhreis ann nach dtéann le haon cheann de na pictiúir. Ná húsáid aon litir níos mó ná uair amháin. Roghnaigh an freagra ceart (A-G) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe os cionn an fhreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagraí a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe ‘Céad cheist eile’ nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna. Tá tábla beag sa choirnéal ar dheis ag barr an scáileáin. Léirítear sa tábla seo na fógraí (A-G) atá meaitseáilte le pictiúir (15-19) agat cheana.



**Tasc Léitheoireachta 5**

Do gach ceist sa tasc seo ní mór fógra nó lipéad (beidh ocht gcinn ann) a mheaitseáil le habairt a chuireann an chiall chéanna in iúl. Uimhrítear na habairtí ó 20 go 25. Marcáiltear na fógraí leis na litreacha A-H. Tá dhá fhógra sa bhreis ann nach dtéann le haon cheann de na habairtí. Ná húsáid aon litir níos mó ná uair amháin. Roghnaigh an freagra ceart (A-H) do gach ceist trí chliceáil ar an gcnaipe os cionn an fhreagra. Nuair a roghnaítear freagra, athraítear an cnaipe mar a léirítear thíos. Tabhair faoi deara gur féidir do fhreagra a athrú trí chliceáil ar chnaipe eile. Nuair atá tú críochnaithe, téigh ar aghaidh chuig an gcéad cheist eile trí chliceáil ar an gcnaipe 'Céad cheist eile' nó ar an gcéad uimhir eile ar an mbarra nascleanúna. Tá tábla beag sa choirnéal ar dheis ag barr an scáileáin. Léirítear sa tábla seo na fógraí (A-H) atá meaitseáilte le habairt (20–25) agat cheana.



**Tasc Léitheoireachta 6**

Baineadh sé abairt de théacs i gcomhair an taisc seo. Tá seacht n-abairt sa fhráma ar dheis agus iad marcáilte leis na litreacha A-G. Tá abairt sa bhreis ann nach gá í a chur isteach sa téacs. Ní mór an abairt cheart a chur sa bhearna cheart. Déantar seo tríd an abairt a tharraingt ón bhfráma ar dheis agus í a scaoileadh sa bhearna lena mbaineann sí i do thuairim. Cliceáil ar an abairt agus coinnigh brú ar chnaipe na luchóige go dtarraingeoidh tú an abairt chuig a suíomh nua. Scaoil cnaipe na luchóige agus an abairt os cionn na bearna. Más mian leat freagra a athrú is féidir abairt a tharraingt ón áit a bhfuil sí sa téacs ar ais chuig an bhfráma ar dheis. Is féidir abairt a tharraingt ó áit amháin sa téacs go háit eile chomh maith. Bí cinnte go bhfuil abairt i ngach bearna sula dtéann tú ar aghaidh chuig an gcéad tasc eile.

You will read an article about a theatre critic.
Six sentences have been removed from the text below. Read the text and choose the sentence (A-G) which fits each gap. There is one extra sentence which you do not need to use.

Críochnaigh

Am fágtha: **30 nóiméid**

**Mrs Hart – amateur theatre critic**

Elisabeth Hart went to the theatre fifty-five times last year, and wrote pages of notes on each visit. However, she's not a professional theatre critic. She's an ordinary member of the public on the judging panel of this year's National Theatre Awards.

Mrs Hart was one of four theatre-lovers chosen to judge all new drama productions last year. .......... Mrs Hart thinks it a good system. 'It's important to have amateurs taking part in the decisions,' she says. 'It stops the awards appearing to have been fixed like some others. And if a play wins an award, the public knows that it's been approved by people with no axe to grind.'

Mrs Hart's extremely enthusiastic about the theatre. 'The year before last I went to over thirty plays,' she says. .......... It began with an application form left on a foyer shelf by the Theatre Society, which organises the awards. She filled it in, added a sample review, and was selected from several hundred applicants.

'They were looking for people with a wide taste in theatre,' she explains. 'I always enjoyed acting in plays when I was young, and I regularly bought cheap standing tickets for productions.' Being a judge was hard work, though. .......... 'But I never got sick of it. Even the plays I didn't like always had some redeeming qualities.'

She could never sit back and relax, though, because she had to make notes on everything. .......... 'It wasn't just the actors we were judging, but also costume design, direction, lighting and script – twelve categories in all. But I still enjoyed it. It felt like an enormous privilege.'

.......... 'That didn't happen at all. It was all very civilised and friendly,' says Mrs Hart. 'We were listened to and our votes were all equal. I wasn't treated differently at all.'

.......... 'It's bursting with talent on all fronts, from playwriting to direction, and there are plenty of innovative productions.'

A Having to take this approach meant that she couldn't let her concentration slip at any time.

B In this situation there's surely a danger of the professional critics dominating the discussions.

C Regular theatre-goers usually disagree with some of their judgements, of course, and Mrs Hart's no exception.

D They were part of a panel that also included five professional theatre critics.

E Her appointment was therefore something of a dream come true.

F The experience has left Mrs Hart optimistic about the theatre's future.

G In one week alone, her duties involved her reviewing as many as seven plays.

1: 1 2 3 4 | 2: 5 6 7 8 | 3: 9 10 11 12 13 14 | 4: 15 16 17 18 19 | 5: 20 21 22 23 24 25 | 6: 26-31

>>